


# AG DUL AR AN TRAEIN



## Pictiúr: Radharc:

Ag an stáisiún (an ghrian ag taitneamh cois na farraige), Daidí ag oifig na dticéad, ticéid thraenach, an traein, inneall na traenach, Mamáí, Páid, Nóirín agus Bríd, an tiománaí, garda agus brat ina láimh aige; ansin an chlann ar an traein, comhartha ceiste agus ciorcal cainte. Clog chun brí “i gceann cúpla nóiméad” a léiriú.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

## CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

### Cuntas Reatha

Lá breá samhraidh a bhí ann. Chuaigh Mamáí, Daidí agus na leanaí go dtí an fharraige. Cheannaigh Daidí na ticéid.

### Agallamh

- DAIDÍ: Déanaigí deifir. Beidh an traein ag imeacht i gceann cúpla nóiméad.
- PÁID: Féach ar an inneall mór. Tá an tiománaí istigh ann.
- NÓIRÍN: Féach ar an ngarda. Tá brat ina láimh aige.
- BRÍD: Ar cheannaigh tú ticéad domsa, a Dhaidí?
- DAIDÍ: Cheannaigh. Seo duit.
- MAMÁÍ: Suigí síos. Tá an traein ag imeacht anois.

## CÉIM 2. AITHRIS

## CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Lá fliuch a bhí ann?

Cé a chuaigh go dtí an fharraige?

Céard a rinne Daidí?

A “Dhaidí”, abair leo deifir a dhéanamh.

Cén fáth?

A “Pháid”, taispeáin dóibh an t-inneall mór.

Cé atá istigh ann?

A “Nóirín”, feiceann tusa duine éigin?

Céard atá aige?

Ceist agat, a “Bhríd” faoi na ticéid!

Freagair í, a “Dhaidí”.

Tabhair di iad.

Abair leo suí síos, a “Mhamáí”.

Céard faoin traein anois?

#### CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Ar cheannaigh tú ticéad domsa, a Dhaidí?*

Na páistí a mhealladh chun ceisteanna eile den chineál céanna a chur agus páistí eile á bhfreagairt, m.sh.

*Ar cheannaigh tu? . . . cheannaigh/níor cheannaigh mé.*

*An ndeachaigh tú? . . . chuaigh/ní dheachaigh mé;*

*Ar oscail? . . . d'oscail/níor oscail;*

*Ar chuir? . . . chuir/níor chuir;*

*Ar thóg? . . . thóg/níor thóg;*

*Ar chuala? . . . chuala/níor chuala;*

*An bhfaca? . . . chonaic/ní fhaca.*

2. *Lá breá samhraidh a bhí ann.*

*(fuar, fliuch, tirim, seaca).*

3. *Rachaimid isteach.*

*(inné, gach lá, anois; ní, an?: amárach; ní, an?: inné).*

4. *Suígí síos:*

Páistí ag tabhairt orduithe den chineál seo:

*Seasaigí suas, éistigí, téigí amach, tagaigí isteach, bígí ag obair, fanaigí ciúin, etc.).*

#### CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. *Aithris ar an mbunchomhrá.*

2. *Scéal a chumadh:*

*Turas éigin i mbus nó i gcarr,*

*Ceisteanna ó pháistí eile.*

3. *Dráma beag:*

*Páid nó Bríd ag ceannach na dticéad:*

*nó*

*iad ag caint leis an garda.*

4. *Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.*

5. *Cluiche .i.*

*Ag líonadh mála don turas go dtí an fharraige:*

PÁISTE 1: *Chuir mé liomanáid sa mhála.*

PÁISTE 2: *Chuir mé liomanáid agus úll sa mhála.*

PÁISTE 3: *Chuir mé liomanáid agus úll agus cáca sa mhála.*

PÁISTE 4: *Chuir mé liomanáid agus úll agus cáca agus bainne sa mhála, etc.*

#### Rann Ceoil (An ceol ar théip)

##### *Curfá*

*Puff, Puff, Puff,*

*Tá an traein ag teacht*

*Puff, Puff, Puff*

*Tá an traein ag teacht.*

#### I

*Tá na leanaí ag an stáisiún*

*Tá Daid ag ceannach na dticéad*

*Rachaidh siad isteach sa traein ansin*

*Le dul go dtí an trá.*

##### *Curfá*

*Puff, Puff, Puff,*

*Tá an traein ag teacht*

*Puff, Puff, Puff*

*Tá an traein anseo.*